Gairdín Múrtha
Colclough

Lig do scíth sa dúlra…
tabhair cuairt ar an nGairdín Múrtha
Athchóirithe ag Mainistir Thinteirn,
Co. Loch Garman

www.colcloughwalledgarden.com

An gairdín sa lá atá inniu ann

Thóg muintir Colclough (fuaimnithe Cóc-lí) an Gairdín Múrtha Seoirseach seo breis is 200 bliain ó shin, roimh 1814. Chuir oibrithe deonacha tús leis an obair athchóirithe i mí Iúil 2010 faoi stiúir Hook Tourism, tar éis dóibh ceadúnas a shíniú le Coillte Teoranta, úinéirí an ghairdín.

Tá leagan amach an Ghairdín Mhúrtha athdheartha anois faoi mar a bhí sé sna 1830aidí. Is iad na príomhghnéithe den Ghairdín Múrtha cloiche agus brící seo – a bhfuil 2.5 acra ann – ná cúinní cuartha, dhá struchtúr inmheánacha sa bhalla brící a scarann an gairdín ina dhá leath: an t-oirthear (an gairdín ornáideach) agus an t-iarthar (gairdín na cistine), agus an abhainn lena cúig dhroichead, a shreabhann tríd an ngairdín.

Tá sé suite i ngleann glas álainn i lár coille, áit a bhfuil ceol binn na n-éan le clos. Téann cuairteoirí trí iar-shráidbhaile Thinteirn ar an mbealach chuig an ngairdín ar chosán coille a mbíonn coinnle corra agus gairleog fhiáin ag fás timpeall air san Earrach. I rith an tSamhraidh, siúltar faoi bhun na bhfeánna arda dorcha, roimh spéir ghorm oscailte an Ghairdín Mhúrtha a shroichint.

agus faoi mar a bhí sé fadó

Garraíodóirí ag athchruthú chomhrac aonair an toghcháin

Stair agus Scéal

Bhunaigh manaigh Chistéirseacha Mainistir Thinteirn tar éis 1200, faoi choimirce William Marshall, ar abhainn bheag a shníonn amach i gCuan Bhanú. Tar éis a díscaoilte in 1536, bronnadh an talamh ar fad ar Sir Anthony Colclough in 1562. D'fhan muintir Colclough ina gcónaí ann ar feadh 400 bliain, agus le linn na tréimhse sin athraíodh an mhainistir agus tógadh go leor struchtúir nua timpeall uirthi, ina measc droichid, muileann línéadaigh, muileann plúir, forbhallaí agus an Gairdín Múrtha Seoirseach.

Tógadh an Gairdín Múrtha 520m siar ó dheas ó Mhainistir Thinteirn, ag baint úsáid as clocha a bhí le fáil sna páirceanna máguaird agus ag líneáil na ballaí le brící lámhdhéanta a cruthaíodh sa Ghairdín Múrtha le cré ón inbhear áitiúil. Déanadh aol sa tiníl in aice le droichead na bhforbhallaí as aolchloch dhóite a tháinig ar bháid ó Rinn Duáin agus a meascaíodh le gainimh chun moirtéal aoil a chruthú.

Tógadh an Gairdín Múrtha 520m siar ó dheas ó Mhainistir Thinteirn Léiríonn an mapa seo na cosáin, cúig dhroichead, an clós seachtrach, agus na suíomhanna ina raibh an gairdín glasraí agus na crainn torthaí suite.

Fiáin

Grianghraf ón aer, Iúil 2010

Bhronn Miss Marie B. Colclough (a fuair bás in 1983) Mainistir Thinteirn ar an Stát in 1959. Tréigeadh an Gairdín Múrtha go dtí gur leag an comhlacht stáit Coillte breis is 30 crann mhóra Sitka a cuireadh ann in 1955. Gearradh siar an fál labhrais fiáin in oirthear an ghairdín, agus tá sé ag fás arís go sláintiúil san áit chéanna inar cuireadh é na céadta bliain ó shin. Glanadh siar an cosán tríd an gcoill i dtreo an ghairdín agus cuireadh gairbhéal nua air, chun na príomhbhealaí isteach ar an taobh thiar-thuaidh a fheabhsú. Cé nár déanadh tagairt do thógáil an ghairdín sna cartlanna teaghlaigh, seo mar a scríobh cuairteoirí faoi sa 19ú haois:

JThug John Bernard Trotter – a scríobh "Walks in Ireland 1812" (foilsithe in 1819) – cuairt ar Thinteirn i mí an Mheitheamh 1812 agus d'fhan sé ann ar feadh míosa beagnach, gan trácht a dhéanamh ar an nGairdín Múrtha.

"We have employed several days in enjoying the beauties of Tintern and its environs, and experienced much civility from Lady Colclough"
Meitheamh 27, 1812.

Rinne A. Atkinson an chéad tagairt don Ghairdín Múrtha in "The Irish Tourist", a scríobh sé i mí Iúil 1814 (foilsithe in 1815).

"Lady Catherine Colclough had the politeness to show me a very beautiful and fruitful Walled Garden, of two or three acres, enclosed by a handsome brick wall, and abounding with the delicacies of the season".

Ba í Catherine Colclough (née Grogan ó Chaisleán Bhaile Sheáin) máthair Caesar Colclough. Toisc gurb é Caesar an mac ba shine le Sir Vesey, tháinig sé in oidhreacht ar eastát a athar. Bhí John, deartháir le Caesar, i bhfeighil ar an eastát go dtí gur mharaigh William Congreve ó Chaisleán Chaoire (Wilton) é i gcomhrac aonair a bhain le toghchán sa chontae in 1807. Bhainistigh an t-aibhéardaí Tomas MacCord an t-eastát ansin go dtí gur fhill Caesar ón bhFrainc in 1814. Scaoileadh Caesar as príosún tar éis éirí as Napoleon, agus toghadh é mar MP i dTeach na dTeachtaí in 1818.

Bhí J.W. Goff ó Theach Bhaile an Hóraigh i bhfeighil ar eastát Thinteirn mar ghníomhaire Caesar Colclough idir 1831-1840. Tá teacht fós ar fháltais do chrainn phéitseog, neachtairíní agus sílíní a ceannaíodh i bPlandlann Fennessy i bPort Láirge agus i bPlandlann Miller and Sweet in Bristol le linn na tréimhse seo. Tá litreacha idir Caesar agus a ghníomhaire ón uair seo le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann fós, agus déanadh tagairt do roinnt plandaí atá ag fás sna gairdíní i dTinteirn an uair sin, idir Geraniums, Carnations agus Daphne.

Tá súil againn go dtabharfaidh tú cuairt ar an nGairdín Múrtha i mbliana agus go gcruthóidh tú do chuid cuimhní féin.

Gairdín Múrtha Colclough Athchóirithe Iúil 2013

Gairdín Múrtha Colclough
Mainistir Thinteirn

1. An Mhainistir & an Carrchlós
2. Leithris na Mainistreach
3. Siúlóid chuig Gairdín Múrtha Colclough (timpeall 520m)
4. Siúlóid chuig Gairdín Múrtha Colclough thar an Droichead (timpeall 725m)
5. Droichead na bhForbhallaí
6. Siúlóid go Muileann an tSáile
7. Iar-shuíomh de Shráidbhaile Thinteirn
8. Teachín an tUasal Rose
9. Bealach isteach chuig Gairdín Múrtha Colclough
10. An Gairdín Ornáideach
11. Gairdín na Cistine

Bealach amach chuig an bpríomhbhóthair, an L4041



Tá athchóiriú Ghairdín Múrtha Colclough urraithe ag:

Clann Credo
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie
FÁS
NDP
pobal
Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority
TÚS Wexford
coillte
LEADER
WT
Wexford Garden Trail
wexford local development
Forbairt Áitiúil Loch Garman

Treoracha

Fág an R733 (an bóthar idir Baile Hac agus Droichead Eoin) ag an gcasadh i dtreo Mhuileann an tSáile, an L4041. Tá an bealach isteach go Mainistir Thinteirn agus Gairdín Múrtha Colclough 1km ón gcrosbhóthar seo ar thaobh na láimhe deise (balla cloiche le feánna). Tá an Gairdín Múrtha suite 300m siar ó dheas ó charrchlós na Mainistreach (7 nóim siúil). Comharthaí ar gach bóthar isteach. Mapa sa bhróisiúr seo.
~ Sat Nav: -6.8377833 52.23696 ~

Uaireanta Oscailte

Oscailte Gach Lá:
10 r.n. go 6 i.n. ~ Bealtaine go Meán Fómhair
10 r.n. go 4 i.n. ~ Deireadh Fómhair - Aibreán

Táille isteach

€3: Duine fásta. €2: Lascaine; Seanóirí, Mic Léinn, Grúpaí de 10+. Ticéad Bliantúil ar fáil. Faoi bhun 14: saor in aisce. Iarrtar ar chóistí agus ar ghrúpaí móra glaoch roimhré. Fáilte roimh mhadraí dea-mhúinte ar iall.

Sonraí Teagmhála

Bainisteoir Tionscadail: Alan Ryan
Príomhgharaíodóir: David Bawden
Gairdín Múrtha Colclough
Mainistir Thinteirn, Muileann an tSáile, Co. Loch Garman, Éire

t - 083 3064159
w - www.colcloughwalledgarden.com
e - colcloughwalledgarden@gmail.com
facebook - Colclough Walled Garden
twitter - @colcloughgarden

www.hooktourism.com
www.wexfordgardentrail.com
www.experiencenewross.com
www.visitwexford.ie

HOOK TOURISM

Design by Sandra Cullen | 087 7762987 | www.zofocreative.ie